



## Coláiste Feirste Polasaí Tinrimh

### Réamhrá

Tá an tinreamh rialta ar scoil ríthábhachtach maidir le caighdeán oideachais a ardú agus a chinntiú go mbíonn rochtain iomlán ag gach páiste ar an churaclam scoile lena lánacmhainneacht a ghnóthú.

Féachfaidh Coláiste Feirste le héiteas agus cultúr a chur chun cinn ina spreagtar tinreamh maith agus ina mothaíonn gach dalta go bhfuil meas orthu agus go mbíonn siad sábháilte.

### Aidhmeanna

1. Tinreamh foriomlán dhaltá scoil Coláiste Feirste a fheabhsú/a choinneáil.
2. Creat a fhorbairt ina sainmhínítear ról agus freagrachtaí a bhaineann le tinreamh.
3. Comhairle, tacaíocht agus treoir a thabhairt do thuismitheoirí/cúramóirí agus do dhaltá.
4. Dea-chaidreamh leis an tSeirbhís Leas Oideachais a chur chun cinn.

### Ról na Scoile

Tá freagracht fhoriomlán ag Príomhoide Coláiste Feirste as tinreamh scoile; Ba chóir don Fhoireann Tréadchúraim údair ar bith imní atá acu faoi thinreamh scoil a chur in iúl dó/di.

Tugann Bord na nGobharnóirí tacaíocht trí fhigiúirí agus spriocanna tinreamh scoile a athbhreithniú agus a chinntiú gur mír ar an chlár oibre é ar gach cruinniú. Déanann baill foirne teagaisc monatóireacht rialta ar thinreamh agus ar phoncúlacht daltaí trína chinntiú go dtaifeadtar tinreamh ag tús seisiúin clárúcháin maidine agus iarnóna.

Le cur ar chumas na scoile s'againn tinreamh a thaifeadadh agus a mhonatóiriú go beacht agus go comhsheasmhach, comhlíonfaimid an treoir a thugtar i gCiorclán 2015/02 na Roinne Oideachais, a bhfuil teacht air ag an nasc seo a leanas: [www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/school-attendance/recording-pupil-absences.htm](http://www.deni.gov.uk/index/support-and-development-2/school-attendance/recording-pupil-absences.htm)

Tá Coláiste Feirste tiomanta do chomhoibriú le thuismitheoirí le tinreamh rialta agus poncúil a chur chun cinn.

### Ról an Tuismitheora

Tá dualgas dlíthiúil ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfaighidh a gcuid páistí darb aois éigeantach scoile oideachas éifeachtach lánaimseartha a fhóireann dá n-aois, dá gcumas agus dá n-inniúlacht agus do shainriachtanais oideachais ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu, bíodh sé trí thinreamh rialta ar scoil nó eile.

Má tá páiste cláraithe ar scoil, tá dualgas dlíthiúil ar a t(h)uismitheoir a chinntiú go bhfreastalaíonn sé/sí ar an scoil sin go rialta. Is é freagracht an tuismitheora a chur in iúl don scoil cad chuige a bhfuil an páiste as láthair ar an chéad lá den neamhláithreach. Ba chóir seo a dhearbhu le nóta scríofa ar fhilleadh ar scoil don pháiste. Más dócha gur

neamhláithreacht fhadtréimhseach a bheas i gceist, ba chóir an t-eolas seo a thabhairt don scoil lena chur ar a cumas cuidiú a thabhairt maidir le hobair baile nó le socrú ar bith eile a bheadh de dhíth.

Bítear ag dúil le daltaí a bheith ar scoil ar 9:00 rn le haghaidh clárúcháin agus tús na ranganna. Is é freagracht an tuismitheora a chinntiú go mbíonn do pháiste poncúil. Taifeadtar moille ag an chlárúchán agus ar thaifead tinrimh do pháiste. Má bhíonn leisce ar do pháiste dul ar scoil, bheimis buíoch ach tú an cheist a phlé láithreach leis an mhúinteoir ranga nó leis an Phríomhoide lena chinntiú go bhfaighidh tú féin agus do pháiste a oiread tacaíochta agus is féidir.

### **Ról an Dalta**

Caithfidh gach dalta ar Choláiste Feirste freastal ar scoil go poncúil agus go rialta. Má bhíonn tú as láthair, caithfear nóta scríofa ó thuismitheoir/cúramóir a thabhairt do do mhúinteoir ar fhilleadh duit.

### **Gnáthaimh Neamhláithreachta**

Caithfidh gach Tuismitheoir/Cúramóir an fhoirm fógra neamhláithreachta iniata ina dtugtar fáth soiléir ar aon neamhláithreacht a chomhlánú.

### **Saoire teaghlaigh le linn an Téarma**

Cuireann Coláiste Feirste in éadan laethanta saoire teaghlaigh le linn an téarma as siocair an tionchair a bhíonn acu ar fhoghlaím daltaí. Is mar neamhláithreacht neamhúdraithe a dhéanfar saoire teaghlaigh le linn an téarma a chatagóiriú. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin a cheadófar saoire den sórt.

### **Gnáthaimh le Neamhláithreacht a Bhainistiú**

Bíonn an Múinteoir Foirme i gColáiste Feirste freagrach as tinreamh na ndaltaí sa Rang Foirme a bhainistiú. Déanfaidh an Múinteoir Foirme teagmháil leis an tuismitheoir má tá aon ábhar imní aige / aici maidir le tinreamh dalta.

Mura dtagann feabhas ar thinreamh an dalta nó níl tinreamh an dalta ag comhaontú leis na spriocanna atá comhaontaithe leis an Fhoireann Tréadchúraim, cuirfidh an Múinteoir Foirme cás an dalta faoi bhráid an Ceannaire Bliana agus iarrfar ar an tuismitheoir freastal ar chruinniú. Oibreoidh an Ceannaire Bliana in éineacht leis an Mhúinteoir Foirme, an tuismitheoir agus an dalta go dtiocfaidh feabhas ar an tinreamh.

Má thiteann tinreamh aon dalta faoi 85%, cuirfidh an Ceannaire Bliana an cás faoi bhráid an tOifigeach Leas Oideachais.

### **Seirbhís Leas Oideachais**

Tá dualgas dlíthiúil ar Bhoird Oideachais agus Leabharlann (BLonna) tríd an tSeirbhís Leas Oideachais (EWS) a chinntiú go gcomhlíonann tuismitheoirí a bhfreagracht i leith oideachas a gcuid páistí.

Más ábhar imní é neamhláithreacht dalta nó má thiteann an tinreamh faoi 85%, déanfar é/í a atreorú chuig an EWS, más cuí. Tacóidh EWS le baill foirne agus le tuismitheoirí le straitéisí a fhorbairt agus a fheidhmiú le dul i ngleic le tinreamh nó é a fheabhsú.